



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Foirm Iarratais Threorach A

Foirm Iarratais Shamplach

An Ciste um Struchtúir Stairiúla

2023

Ullmhaithe ag An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
gov.ie/tithiocht

Le Comhlanú Ag an Iarratasóir

Cuir Tic sa Bhosca Ábhartha

Sruth 1

**Sruth 1, Fo-Shruth d'Aghaidheanna Siopaí Stairiúla
(Béarla)**

**Sruth 1, Fo-Shruth d'Aghaidheanna Siopaí Stairiúla
(Gaeilge)**

Sruth 2

Comhpháirtíocht

Comhpháirtíocht

Tabhair Faoi Deara an Méid Seo A Leanas Sula Gcomhlánaítear An Fhoirm

- Ní mór **Foirm Iarratais A a chomhlánú ina hiomláine** – ní ghlacfar le hiarratais neamhiomlána.
- Iarrtar ort an fhaisnéis ábhartha a **chlóscríobh**, más féidir.
- Má scríobhtar an fhaisnéis de lámh, úsáid **BLOCLITREACHA** nó cinntigh go bhfuil an scríbhneoireacht inléite.
- Ba cheart na hiontrálacha dáta go léir a iontráil san fhormáid **LL/MM/BBBB**.
- Mura bhfuil úsáid á baint faoi láthair as an struchtúr, caithfear an úsáid dheireanach a baineadh as a lua i **gCuid 2a**.
- Má tá an struchtúr cosanta ag aon reachtaíocht seachas faoi na **hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt** (m.sh. Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta), caithfear seo a lua i **gCuid 2c**.
- Sa chás go ndearnadh iarratas ar chead pleanála, ach nach ndearnadh aon chinneadh, nó sa chás go bhfuil an cinneadh á achomharc, luaigh é seo agus dáta an iarratais nó an achomhairc i **gCuid 2c**.
- Sa chás go gceanglaítear fógra a chur isteach faoi Alt 12 (3) **d’Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 1994** (Séadchomharthaí Taifeadta) nó faoi Alt 5 (8) den **Acht Leasaithe 1987** (clár Séadchomharthaí Stairiúla), ba cheart sonraí faoin dáta ar seoladh an fógra chuig an Roinn a sholáthar i **gCuid 2c**.
- Sa chás go ndearnadh iarratas ar thoiliú an Aire faoi Alt 14 **d’Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930** (arna leasú), ach nach ndearnadh aon chinneadh ag tráth an iarratais leis an Scéim, luaigh é seo i **gCuid 2c**, lena **n-áirítear uimhir thagartha an cháis a d’eisigh Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta**.
- Ba cheart a chur in iúl má tá i gceist eilimint de thraenáil a chur ar fáil i **gCuid 3(a)**.
- Ba cheart sonraí aon chistí comhfhreagracha atá á gcur ar fáil ag an iarratasóir a chur ar fáil i **gCuid 4a**. Ba cheart don iarratasóir méid agus foinse na gcistí comhfhreagracha a chur in iúl.
- Ba cheart don iarratasóir aon deontas, fhóirdheontas nó cúnamh ó chomhlachtaí reachtúla, nó urraíocht nó aon chúnamh ó fhoinse neamhreachtúil, a fuarthas nó atá á lorg a chur in iúl i **gCuid 4a**.

- Ba cheart don iarratasóir a chur in iúl má fuair siad cinneadh faoi Alt 482 den **Acht Comhdhlúite Cánacha 1997** (roimhe seo Alt 19 den **Acht Airgeadais 1982**) i **gCuid 4b**.
- Ba cheart don iarratasóir a chur in iúl má tá siad i mbun cinneadh a iarraidh faoi Alt 482 den **Acht Comhdhlúite Cánacha 1997** (roimhe seo Alt 19 den **Acht Airgeadais 1982**) i **gCuid 4b**.
- Ba cheart do na hoibreacha cloí leis na prionsabail chaomhnaithe atá leagtha amach i dTreoirlínte na Roinne maidir le **Chosaint Oidhreachta Ailtireachta d'Údaráis Phleanála (2011)** agus i bhfoilseacháin na [Sraithe Comhairle \(https://www.buildingsofireland.ie/app/uploads/2019/10/Architectural-Heritage-Protection-Guidelines-for-Planning-Authorities-2011.pdf\)](https://www.buildingsofireland.ie/app/uploads/2019/10/Architectural-Heritage-Protection-Guidelines-for-Planning-Authorities-2011.pdf).
- Tá ialtóga á gcosaint faoin Treoir maidir le Gnáthóga ón AE. Ba cheart d'oibreacha ar bith a d'fhéadfadh cur isteach ar ialtóga nó ar a bhfaráí, aird a thabhairt ar na treoirlínte maidir le maolú um ialtóga ón DHLGH. Tá siad ar fáil ag: <https://www.npws.ie/publications/search?title=bat+mitigation&keyword=&author=&series=All&year=&x=0&y=0>

Tabhair Faoi Deara, Le Do Thoil:

Is cúnamh d'iarratasóirí chun Foirm Iarratais A a chomhlánú é an méid seo a leanas. Ní an fhoirm Iarratais é seo, ach ina ionad sin tugann sé forbhreathnú ar an bhfaisnéis is gá chun Foirm Iarratais A a chomhlánú go hiomlán.

Tá samplaí nó mínithe breise i gcló **gorm i roinnt codanna chun cabhrú leis an iarratasóir an fhoirm a chomhlánú.**

Foirm A – Cuid A hAon

1a. Sonraí an Iarratasóra

Ainm an Úinéara:		
Seoladh:		
Uimhir Ghutháin/Fón Póca:		R-phost:
Uimhir Charthanais: (más infheidhme)	Uimhir thagartha cánach: 9724155S	
Uimhir Thagartha Cánach, mar aon le hUimhir Rochtana Comhlíontacht Cánach:	Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach: 648931	

1b. Applicant Details (if not the owner)

Ainm:		
Seoladh:		
Uimhir Ghutháin/Fón Póca:		R-phost:
Uimhir Charthanais: (más infheidhme)		
Uimhir Thagartha Cánach, mar aon le hUimhir Rochtana Comhlíontacht Cánach:		
Tabhair le fios má fuarthas toiliú an úinéara chun iarratas a dhéanamh faoin scéim seo agus ceangail an toiliú leis an bhFoirm seo.		

Foirm A – Cuid a Dó

2a. Sonraí an Struchtúir

Ainm: An Séipéal	Seoladh: 1 Sráid na hEaglaise
Bliain tógála: (más eol) 1890	Eircód:
Úsáid reatha: Reiligiúnach	Úsáid bheartaithe: (más éagsúil)

2b. Rangú

		Is ea/ Ní hea	Más ea/má tá: cuir isteach an uimhir chlártaite
An struchtúr:	(a) é atá faoi chosaint?		TDC: Is féidir sonraí ar Thaifead ar Dhéanmhais Chosanta a fháil ar Shuíomhanna Gréasáin na nÚdarás Áitiúil
	(b) é atáincháilith e nó beartaithe le bheith san áireamh san Taifead ar Dhéanmhais Chosanta (RPS)?		Beidh an tOifigeach Caomhantais Ailtireachta san Údarás Áitiúil in ann cúnaimh a thabhairt mura bhfuil an t-iarratasóir cinnte faoi seo.
	(c) é atá faoi chosaint faoi Achtanna na Séadchomh-		TSÁ: Is féidir Taifead na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna a fháil, in aghaidh an chontae, trí Shuíomh Gréasáin Sheirbhís na

	arthaí Náisiúnta?		Séadchomharthaí Náisiúnta (https://www.archaeology.ie/publications-forms-legislation/record-of-monuments-and-places)
	(d) i Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA) é?		Ainm an LCA: is féidir an t-eolas seo a fháil trí shuíomhanna gréasáin na nÚdarás Áitiúil
	(e) atááirithe i bhFardal Náisiúnta na hOidhreacht a Ailtireachta? (NIAH) (www.buildingsofireland.ie)		TDC: Is féidir sonraí ar Thaifead ar Dhéanmhais Chosanta a fháil ar Shuíomhanna Gréasáin na nÚdarás Áitiúil
			TDC: Is féidir sonraí ar Thaifead ar Dhéanmhais Chosanta a fháil ar Shuíomhanna Gréasáin na nÚdarás Áitiúil

2c. Fógraí Reachtúla

	Is ea/ Tá nó Ní hea/Níl	Más ea/má tá: iontráil an dáta a cuireadh i bhfeidhm/a fuarthas
An dteastaíonn cead pleanála ó na hoibreacha atá beartaithe nó an bhfuil cead pleanála tugtha dóibh?		Dáta a cuireadh isteach air: LL/MM/BBBB
Sa chás go ndearnadh iarratas ar chead pleanála ach nach ndearnadh aon chinneadh, nó sa chás go bhfuil an cinneadh faoi achomharc, luaigh é sin agus dáta an iarratais nó an achomhairc		Stádas pleanála: E.g. Ar feitheamh Uimh. Thagartha Pleanála:XXXX
An dteastaíonn fógra chuig Aire ó na hoibreacha beartaithe faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta?		Dáta an fhógra: LL/MM/BBBB

<p>Sa chás go bhfuil gá le fógra a thabhairt faoi alt 12 (3) d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú), 1994, (Séadchomharthaí Taifeadta) nó faoi alt 5 (8) den Acht um Leasú, 1987, (Clár na Séadchomharthaí Stairiúla) sonraí faoin dáta ar seoladh an fógra chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta</p>		
<p>An dteastaíonn toiliú an Aire chun na hoibreacha beartaithe a dhéanamh nó an bhfuil toiliú faighte acu faoi Alt 14 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 (arna leasú)?</p> <p>Sa chás go bhfuil iarratas déanta ar thoiliú ón Aire ach nach ndearnadh aon chinneadh tráth an iarratais ar an Scéim</p>		<p>Dáta a cuireadh isteach air: LL/MM/BBBB</p> <hr/> <p>Dáta a fuarthas: LL/MM/BBBB</p> <p>Uimhir Thagartha:XXXX</p>
<p>An bhfuil feidhm ag aon Cheanglais Reachtúla eile?</p>		<p>Sonraí: Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht), 2006 arna Leasú</p>

Foirm A – Cuid a Trí

3. Achoimre ar an Tionscadal

- (a) Tabhair cur síos gearr agus beacht thíos (suas le 25 focal) ar chineál na n-oibreacha atá le cistiú go sainiúil faoi Chiste HSF2023, eilimint traenála san áireamh, má bheartaítear iad

Foirm A – Cuid a Ceathair

4a. Caiteachas maidir leis na hoibreacha a bheartaítear

Costas Measta na nOibreacha:	€80,000 (gan CBL san áireamh)	€90,800 (CBL san áireamh)
Má tá eilimint traenála beartaithe (féach Cuid 3a) tabhair costas measta den traenáil:	€5,000 (gan CBL san áireamh)	€5,675 (CBL san áireamh)
Táillí Gairmiúla Measta:	€8,000 (gan CBL san áireamh)	€9,800 (CBL san áireamh)
Costas Iomlán an Tionscadail:	€106,275	
Deontas iomlán atá á lorg:	€50,000	
Méid na gcistí comhfhreagracha:	€56,275	
Foinse na gcistí comhfhreagracha	Tabhair sonraí, le do thoil, faoi fhoinsé na gcistí comhfhreagracha, i.e. cistí príobháideacha/cistí paróiste etc.	

4b. Deontais nó Faoisimh Eile

An mbaineann cinneadh Alt 482 leis an struchtúr seo?*	Soláthraíonn Alt 482 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, faoiseamh cánach d'úinéir/áititheoir foirgnimh cheadaithe (lena n-áirítear gairdín máguaird), nó gairdín cheadaithe atá ann go neamhspleách, as costais a thabhaítear de bharr a dheisithe, a chothabhála nó a athchóirithe.
An féidir CBL a aisghabháil?	
An ndearnadh iarratas ar Chistiú AE/Státchiste/Fhaoiseamh Cánach eile don tionscadal seo?	Má rinneadh, sonraigh, le do thoil
An bhfuil iarratas déanta ar an Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha sa bhliain chéanna?	Má rinneadh, sonraigh, le do thoil
An ndearnadh iarratas ar dheontais eile?	Soláthraíonn Alt 482 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, faoiseamh cánach d'úinéir/áititheoir foirgnimh cheadaithe (lena n-áirítear gairdín máguaird), nó gairdín cheadaithe atá ann go neamhspleách, as costais a thabhaítear de bharr a dheisithe, a chothabhála nó a athchóirithe.

* Alt 482 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Alt 19 den Acht Airgeadais 1982 roimhe seo)

Foirm A – Cuis a Cúig

5. Baill foirne fostaithe ar an tionscadal

5a. Gairmí Caomhnaithe

Ba cheart Gairmí Caomhantais a úsáid ar thionscadal lena chinntiú go gcloítear le dea-chleachtais agus go ndéantar monatóireacht ar oibreacha ar an láthair. Ba cheart go mbeadh an gairmí caomhantais in ann inniúlacht a léiriú sa réimse ábhartha de chaomhnú foirgneamh, a léirítear de ghnáth le ballraíocht i scéim chreidiúnaithe chaomhnaithe de chuid institiúid ghairmiúil. Féadfar eisceachtaí ina leith sin a bheith ann bunaithe ar scála agus ar chineál na n-oibreacha atá beartaithe, nó sa chás go bhfuil an saineolas sonrach ag an gcleachtóir, e.g. tuíodóir nó saor cloiche.

Ainm:		Post/cáilíocht:	
Seoladh:			
Uimhir Ghutháin/Fón Póca:		R-phost:	
Uimhir Thagartha Cánach, mar aon leis an Uimhir Rochtana Comhlíontacht Cánach:			

5b. Conraitheoir/Conraitheoirí/Ceardaí/Ceardaithe (más eol)

Ainm:		Position/qualification:	
Seoladh:			
Uimhir Ghutháin/Fón Póca:		R-phost:	
Uimhir Thagartha Cánach, mar aon leis an Uimhir Rochtana Comhlíontacht Cánach:			

Ar léirigh an fochonraitheoir leibhéal sásúil comhlíonta cánach: (más infheidhme)*	Léirigh:	Níor léirigh:
---	-----------------	----------------------

*Téigh chuig www.revenue.ie chun teacht ar bhreis sonraí faoi nósanna imeachta imrítigh cánach do chonraitheoirí nó d'fhoconraitheoirí

Más gá, bain úsáid as leathanach ar leith chun an chuid seo a chomhlánú

Foirm A – Cuid a Sé

6. Dearbhú ag an Iarratasóir

Deimhním, an t-Iarratasóir, an méid seo a leanas:

1. Tuigim agus comhlíonaim téarmaí agus coinníollacha na scéime deontais
2. Tá an fhaisnéis a sholáthraítear san fhoirm iarratais agus sna cáipéisí tacaíochta ceart agus cuirfidh mé an t-údarás áitiúil ábhartha ar an eolas má thagann aon athrú ar an bhfaisnéis sin
3. Tá mo ghnóthaí cánach in ord
4. Tuigim, má íoctar deontas faoin scéim seo, nach dtugann sé sin le tuiscint go bhfuil baránta ann ar thaobh an údaráis ná an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le hoiriúnacht nó sábháilteacht na n-oibreacha atá i gceist nó le staid deisiúcháin nó le riocht gach cuid nó aon chuid den struchtúr atá i gceist, nó a oiriúnacht le haghaidh úsáide.
5. Tuigim gur féidir leis an údarás áitiúil nó an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta aon fhiosrúchán a dhéanamh a mheasann siad a bheith riachtanach chun mo cháilitheacht a dheimhniú do chistiú faoin scéim seo, agus go bhfuil cinntí an údaráis áitiúil agus an Aire críochnaitheach.

Síniú an Iarratasóra: _____ Dáta: _____

gov.ie/tithiocht

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland